# Seicliosta le haghaidh do thástáil phraiticiúil tiomána

## Eanáir 2022



RSA

# Tá do thástáil tiomána curtha in áirithe agat

Ós rud é go bhfuil do thástáil tiomána curtha in áirithe agat, anois an t-am chun tú féin a ullmhú. Déanfaidh an seicliosta seo thú a threorú agus cabhrú leat le do chuid ullmhúcháin don tástáil tiomána.

Níl sa tástáil tiomána ach an chéad chéim le bheith i do thiománaí iomlán sábháilte agus cumasach. An cur chuige is fearr le tabhairt faoi do thástáil ná ullmhúchán sábháilte agus treoraithe a dhéanamh. Is féidir le treorú a thugann Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) a bheith ina chuidiú duit do chuid ullmhúcháin a chur in oiriúint don leibhéal scile tiomána atá agat.

Chun ullmhú don tástáil, ba chóir duit cur lena bhfuil foghlamtha agat i do chuid ceachtanna tiomána. Is éard atá i gceist leis sin ná cleachtadh a dhéanamh a bheith ag tiomáint go sábháilte le d'urraitheoir nó ADI i gcúrsaí agus coinníollacha difriúla bóthair, tiomáint san oíche san áireamh. D'fhéadfadh sé tarlú chomh maith go bhfuil lochtanna áirithe tiomána nó drochnósanna tiomána forbartha agat. Tabharfaidh do ADI tuairisc mhionsonraithe duit ar na scileanna tiomána is gá duit a fheabhsú. Is mó seans go n-éireoidh leat sa tástáil tiomána dá bharr.

Cuimhnigh gur gá ADI, nó tiománaí urra a bhfuil ceadúnas iomlán, bailí sa chatagóir chéanna aige nó aici le dhá bhliain ar a laghad, a bheith in éineacht leat i gcónaí.

Cé gur éacht bródúil a bheidh ann do thástáil a bhaint amach, ní ceart uathoibríoch atá sa tiomáint. Tá freagrachtaí an-mhór i gceist le bheith i do thiománaí.

Beidh tú freagrach as an-chuid beathaí ar na bóithre: do bheatha féin, beatha do phaisinéirí agus beatha úsáideoirí eile na mbóithre. Mar sin, gach uair a bhíonn tú ag tiomáint, ba chóir duit cloí leis na hardchaighdeáin atá foghlamtha agat ón ADI. Bí ag foghlaim i gcónaí!



Ní éiríonn le gach duine sa tástáil an chéad uair. Tá sé sin ceart go leor. Le cabhair uainne is féidir leat na leideanna seo a úsáid chun tú féin a ullmhú ar bhealach níos fearr, cibé uair a dhéanfaidh tú an tástáil

# Leideanna don tástáil tiomána

Bain úsáid as na leideanna seo chun cabhrú leat thú féin a ullmhú le tabhairt faoin tástáil:

### Déan thú féin a ullmhú

- Faigh cabhair agus comhairle ón Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) atá agat.
- Déan cleachtadh ar an tiomáint leis an Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) agus an t-urraitheoir atá agat. Cuideoidh an ADI atá agat leat a bheith i do thiománaí sábháilte agus déanfaidh sé nó sí thú a threorú tríd an gclár um Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT).
- Más gluaisrothaí faoi oiliúint thú, cuir tús leis an mBunoiliúint Tosaigh (IBT) a luaithe agus is féidir leat.
- Ní bheidh tú in ann a bheith ag cleachtadh gan stiúir go dtí go mbeidh IBT críochnaithe agat.

### Doiciméid a chabhróidh leat thú féin a ullmhú don tástáil

Léigh an t-eolas ar fad atá ar fáil, amhail:

- **Rialacha an Bhóthair** (ar fáil i siopaí leabhar nó ar www.rsa.ie)
- An bhileog seo
- An Bhileog 'Tú féin a ullmhú le haghaidh do Thástáil Tiomána' a seoladh chugat in éineacht le litir deimhnithe áirithinte do thástála
- Na lámhleabhair "Learn to Drive" don chatagóir chuí (ar fáil i siopaí leabhar).

Tabhair cuairt ar www.rsa.ie chun tuilleadh eolas úsáideach a fháil chun cabhrú leat ullmhú le haghaidh do thástála.

### Ullmhaigh le haghaidh lá na tástála tiomána

- Déan cinnte go bhfuil do cháipéisí i gceart (féach an roinn thíos: Cáipéisí le tabhairt leat ar an lá).
- Déan cinnte go bhfuil gach rud i ndáil le d'fheithicil in eagar, i.e. ródacmhainneach, L-Phlátaí tosaigh agus cúil ar taispeáint, dioscaí bailí árachais agus mótarchánach, agus deimhniú bunaidh bailí TNG, más infheidhme. Ní ghlacfar le litreacha ó chomhlachtaí árachais ná le hadmhálacha íocaíochta ón oifig Mótarchánach.
- Déan cinnte go mbeidh gach ceann den 12 cheacht sa chlár Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) curtha i gcrích agat sula dtabharfaidh tú faoin tástáil. Do ghluaisrothaithe, ní mór go mbeidh an Bhunoiliúint Tosaigh (IBT) curtha i gcrích agat agus ní mór duit an deimhniú a thabhairt leat a thugann le fios gur chuir tú an tástáil i gcrích ar bhonn sásúil.

# Riachtanais le haghaidh do thástáil tiomána

Níor mhaith leat a fháil amach ag an nóiméad deireanach nach féidir dul ar aghaidh le do thástáil tiomána toisc nár chomhlíon tú na riachtanais.

### An raibh a fhios agat?

Tá céatadán an-ard de thástálacha tiomána nach dtéann ar aghaidh mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Cead foghlaimeora a bheith neamhbhailí agus/nó sa chatagóir mhícheart
- Locht a bheith ar an bhfeithicil don tástáil
- Cáipéisíocht mhícheart
- Daoine ag teacht go mall agus an coinne a chailleadh
- Daoine ag teacht ag an am mícheart nó chuig an ionad mícheart

Mura ndéanann tú na riachtanais thuasluaite a shásamh, beidh ort tástáil tiomána eile a chur in áirithe agus an táille tástála a íoc arís.




### Ní mór duine a bheith in éineacht leat

Mar thiománaí faoi oiliúint, ní mór duine a bheith in éineacht leat an t-am ar fad agus tú ag tiomáint go dtí go mbeidh ceadúnas iomlán tiomána i do sheilbh agat. Ní mór ceadúnas iomlán bailí a bheith ag an duine sin sa chatagóir chéanna ar feadh dhá bhliain ar a laghad. Tá feidhm leis an riail sin agus tú ag tiomáint chuig an ionad tástála agus ón ionad tástála, fiú i ndiaidh duit pas a bhaint amach sa tástáil.

### Rudaí le déanamh agus cáipéisí le tabhairt leat ar an lá

- Tar go luath. Bí i láthair sa láthair feithimh san ionad tástála roimh an am atá socraithe duit.
- Bíodh bróga ort a bheidh cuí le haghaidh do thástála. Cuimhnigh, ní ghlacfar le flip fleapanna, cuaráin, coisbheart gan chúl nó tiomáint cosnochta.
- Do chead bailí foghlaimeora atá ceart do chatagóir do thástála. Ní mór don chead foghlaimeora atá agat:
  - Teacht le do chéannacht
  - A bheith reatha
  - A bheith sa chatagóir cheart d'fheithicil don tástáil atá á déanamh agat.
- Do thástálacha i gcatagóir C (trucail): tabhair leat an deimhniú ródacmhainneachta atá ag d'fheithicil chuig an tástáil le meáchan gan ualach na feithicle a chruthú (féach an roinn a bhaineann le riachtanais bhreise do thrucailí).

- Do thástálacha i gcatagóir CE (trucail ag a bhfuil leantóir agus trucail altach): tabhair leat an deimhniúchán don chónasc feithiclí atá agat ó dhroichead meáite chuig do thástáil. Ní mór don deimhniúchán seo:
  - A bheith dar dáta taobh istigh den 12 mhí roimh an tástáil
  - An meáchan gan ualach den aonad tarracóra agus leantóir a leagan amach
  - An dáta a ndearnadh an fheithicil a mheá a thaispeáint
  - Cláruimhir an aonaid tarracóra agus
  - Marcáil leantóra an leantóra a chuimsiú.




### Cáipéisíocht na feithicle a thaispeáint

Bí cinnte go bhfuil na rudaí seo a leanas ar taispeáint go soiléir ar d'fheithicil:

- Diosca bailí bunaidh árachais (cúlra bán agus banda glas ar thaobh na láimhe clé). Ní mór dó sin cláruimhir (nó ainm flít) d'fheithicle a thaispeáint go soiléir, chomh maith le dátaí an pholasaí
- Diosca bailí bunaidh mótarchánach
- Diosca bailí TNG nó diosca bailí CVRT, más infheidhme
- L-phlátaí ar thosach agus ar chúl. Ní mór do ghluaisrothaithe tabard buí (veist) a bheith orthu, ar a bhfuil L-phláta ar thosach agus ar chúl. Chun mionsonraí faoi leith a fháil amach maidir le
- Toisí L-phlátaí agus an bealach chun iad a thaispeáint, tabhair cuairt ar www.rsa.ie

Ní mór don fhaisnéis ar taispeáint na sonraí ar fad a éilíonn an dlí ort a thaispeáint, cláruimhir na feithicle san áireamh. Má bhíonn na sonraí tréigthe, ba chóir duit cóip nua den diosca cuí a fháil sula dtabharfaidh tú faoin tástáil. Iarrfar ort ráiteas a léamh agus a shíniú le deimhniú go bhfuil d'fheithicil ródacmhainneach agus go bhfuil an clúdach árachais socraithe agus gur leor é.



# Bíodh d'fheithicil réidh agus ullmhaithe agat

Gheobhaidh tú na riachtanais íosta don fheithicil tástála atá agat inár gCairt um Feithiclí Ionadaí. Tabhair cuairt le do thoil ar www.rsa.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Ar lá do thástála:

- YCaithfidh tusa an fheithicil a chur ar fáil don tástáil
- Ní mór duit árachas a bheith agat le d'fheithicil a thiomáint
- Ní mór ord ródacmhainneach a bheith ar d'fheithicil agus iarrfar ort ráiteas a shíniú leis sin a dheimhniú.

### Sonraí feithicle le seiceáil roimh do thástáil

- Ar amharc-chigireacht, ní mór do na boinn atá ar d'fheithicil gach ceanglas de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a chomhlíonadh.
- Is é 1.6 mm an doimhneacht íosta sa cheanglas maidir le trácht boinn do charr faoi láthair. Níor chóir bolg ar bith atá an-fhollasach, gearrthacha ná caitheamh dian éagothrom a bheith ann. Ba cheart boinn a bheith líonta le haer ag an mbrú ceart.

  **Tabhair faoi deara: ní ghlacfar le rothaí breise den chineál atá deartha le spás a shábháil, mar ní dhéanann a rátáil luais na riachtanais tástála a shásamh**.
- Ba chóir ualach ar bith a bhaint nó a dhaingniú i gceart.
- Caithfear earraí scaoilte taobh istigh den fheithicil amhail scriúirí, sceana, buidéil gháis etc. a bhaint nó a dhaingniú mar is ceart roimh an tástáil.
- Ba chóir don ghaothscáth a bheith glan agus saor ó bhacainní amhairc, scoilteanna iomarcacha san áireamh. Ba chóir do na cuimilteoirí gaothscátha agus leacht glantóra a bheith ag feidhmiú ina n-iomláine.

- Ní mór don tarchur solais ag gaothscáth agus ag taobhfhuinneoga tosaigh na feithicle a chuirtear i láthair don tástáil a bheith ar leibhéal nach lú ná 65%.
- Ní cheadaítear mionathruithe feithicle ar bith a chuirfeadh sláinte agus sábháilteacht an tástálaithe tiománaithe i mbaol.
- I measc na samplaí tá na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh sin amháin: cásanna rollála inmheánacha nach bhfuil stuáilte ná cosanta, crochadh a bheith mionathraithe nó íslithe.

## Seiceáil na córais sábháilteachta agus na soilse rabhaidh atá ag d'fheithicil

Tá d'fheithicil feistithe le líon áirithe soilse rabhaidh a thugann le fios duit mura mbíonn gnéithe áirithe an-tábhachtach sábháilteachta agus feidhmíochta ag obair i gceart. Tá sé tábhachtach go mbeidh gach ceann de chórais sábháilteachta d'fheithicle in ord oibre. Ní hamháin gur riachtanas atá ann le haghaidh do thástála, ach tá sé ar mhaithe le do chuid sábháilteachta féin agus sábháilteacht úsáideoirí eile an bhóthair. Tabhair do d'aire an méid seo a leanas le do thoil:

- Níor chóir do chrochadh d'fheithicle a bheith lochtach
- Déan cinnte go bhfuil na soilse coscáin agus na soilse táscaire ag obair go héifeachtúil
- Ba chóir na soilse táscaire ar fad a bheith ag taispeáint ómra go soiléir
- Déan cinnte go bhfuil do choscán láimhe in ord ceart oibre
- Má chuireann ceann ar bith de shoilse rabhaidh na deaise in iúl mífheidhmiú nó locht a bheith ann, a thaispeántar roimh an tástáil nó lena linn, d'fhéadfadh sé nach rachadh an tástáil ar aghaidh dá bharr nó go gcuirfí críoch luath leis an tástáil.
- Níor chóir múch sceite ar bith a bheith ag dul isteach san fheithicil
- Níor chóir locht ar bith feiceálach ná follasach a bheith ann ar dócha go mbeadh an locht sin ina chúis le cliseadh na feithicle le linn ná tástála.

## Cinntigh sábháilteacht an tástálaí tiománaithe a shanntar agus tuiscint dó nó di

- Ní mór crios sábhála a bheith feistithe do shuíochán an phaisinéara chun tosaigh i d'fheithicil, ní é a bheith in ord ceart oibre agus go mbeadh sé ag cloí le sonraíocht an déantóra.
- Ní mór do dhoras paisinéara ar thaobh an tástálaí a bheith ag obair mar is ceart agus ba chóir a bheith in ann an doras a oscailt ón taobh istigh agus ón taobh amuigh araon.
- Ba chóir ceannbhac a bheith feistithe ar shuíochán chun tosaigh an phaisinéara i d'fheithicil, agus go mbeadh sé ag teacht le sonraíocht an déantóra.
- Ní mór suíochán chun tosaigh an phaisinéara a bheith feistithe go daingean agus ní mór a bheith in ann an suíochán a shocrú go hiomlán agus mar is ceart.
- Ní ghlacfar le suíocháin atá briste nó neamhsheasmhach.
- Ní cheadaítear trealamh taifeadta físe ná fuaime le linn na tástála.
- Ní cheadaítear ach tú féin agus an tástálaí tiománaithe atá sannta duit a bheith san fheithicil le linn na tástála. Ó am go chéile beidh tástálaí maoirseachta i láthair le linn na tástála. Tá an maoirseoir i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar an tástálaí amháin agus níl aon ionchur aige maidir le measúnú a dhéanamh ar do thástáil tiomána. Níl cead agat paisinéirí ar bith eile a iompar, peataí san áireamh.
- Le linn na tástála, glacfar le d'fheithicil amhail is gur áit oibre iata atá ann, agus caithfidh an fheithicil a bheith saor ó thobac i gcomhréir leis an Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2004. Ná caith tobac i d'fheithicil roimh do thástáil, le do thoil. Tá seo amhlaidh chun cuidiú leat a chinntiú nach mbíonn deatach iarmharach ná boladh deataigh i láthair le linn na tástála.
- Ba chóir suíocháin agus clúdach suíochán réasúnta glan a bheith i d'fheithicil, i.e. saor ó dhusta, salachar, taise nó taisleach iomarcach.

### Srianta feithicle le bheith airdeallach fúthu

- Maidir le feithiclí atá ar cíos faoi chomhaontú fruilithe, go ginearálta ní bhíonn siad sin faoi árachas do thástáil thiomána.
- Má tá sé i gceist agat feithicil den chineáil sin a úsáid, ní mór duit nóta a fháil ón gcuideachta fruilithe a chuireann in iúl go bhfuil an fheithicil faoi árachas don tástáil tiomána. Tabhair an nóta sin don tástálaí tiománaithe ar lá na tástála.
- Ní cheadaítear feithiclí amhail tacsaithe ná hacnaithe a úsáid mar fheithiclí don tástáil tiomána ach amháin má íoctar an ráta cuí den Dleacht Máil Mótarfheithicle, i.e. Aicme Phríobháideach.
- Ní ghlactar le feithiclí a cláraíodh taobh amuigh den Stát chun críocha tástála.

Tabhair faoi deara: taobh amuigh de na riachtanais a thugtar thuas, d'fhéadfadh eilimintí eile a bheith ann a bhfágfadh go gcreidfeadh tástálaí nach mbeadh an fheithicil in ord chuí chun an tástáil a dhéanamh. Bí cinnte a sheiceáil faoi dhó go bhfuil ord ródacmhainneach go leor ar d'fheithicil agus go bhfuil an fheithicil ábalta na riachtanais sláinte agus sábháilteachta seo a chomhlíonadh.

Gheobhaidh tú na riachtanais bhreise a bhfuil gá leo do chatagóirí faoi leith feithicle sna leathanaigh seo a leanas.

Le haghaidh riachtanais bhreise a bhaineann le trucailí, léigh an chéad chuid eile le do thoil.

# Riachtanais eile do chatagóirí faoi leith

## Tástálacha gluaisrothair (catagóirí AM, A1, A2, A)

Tá sé tábhachtach go ndéanann tú na riachtanais seo a leanas a shásamh, chomh maith leis na cinn i d'fhógra áirithinte agus na cinn sa seicliosta ginearálta thuas.

### Cáipéisíocht

Iarrfaimid ort cáipéisíocht a thaispeáint dúinn i ndáil le hinneallmhéid agus aschur cumhachta do ghluaisrothair.

Le haghaidh na tástálacha go léir ar ghluaisrothair agus móipéidí, tabhair leat deimhniú clárúcháin na feithicle.

Mura dtaispeánann na cáipéisí sin aschur bunaidh cumhachta do ghluaisrothair, beidh ort fianaise i scríbhinn a thabhairt leat den aschur bunaidh cumhachta. Ní mór don fhianaise sin a bheith ar pháipéar litreach ceannteidil ó dhíoltóir ábhartha nó iompórtálaí oifigiúil den chineál faoi leith sin gluaisrothair. Déan cinnte freisin go bhfuil cláruimhir do ghluaisrothair ar taispeáint air.

### Sábháilteacht agus srianta gluaisrothair

Má bhíonn do ghluaisrothar srianta, beidh ort fianaise an tsriain a thabhairt leat chun na tástála, a thugann le fios an t-aschur srianta kW. Caithfidh tú a chinntiú go bhfuil d'fheithicil ag cloí le srianta ar bith atá curtha i bhfeidhm ag do chead foghlaimeora.

Faoi mar a luaitear sna riachtanais ghinearálta, ní mór do ghluaisrothar nó do mhóipéid a bheith feistithe le soilse coscáin atá ag feidhmiú agus sásúil, agus soilse táscaire nach mór dóibh solas ómra a thaispeáint nuair atá siad lasta.

Ní mór duit an trealamh cosanta pearsanta go léir atá riachtanach a bheith agat, i.e. clogad, lámhainní, buataisí agus éide aimsire.

## Tástálacha do charranna a bhfuil leantóir acu (catagóir BE)

Tá sé tábhachtach go ndéanann tú na riachtanais seo a leanas a shásamh, chomh maith leis na cinn i d'fhógra áirithinte agus na cinn sa seicliosta ginearálta thuas.

### Riachtanais maidir le meáchan agus mais iomlán

Déan athbhreithniú ar ár gcairt feithicle Ionadaí a bhfuil tagairt di i do ríomhphost/litir deimhnithe áirithinte agus atá ar fáil ag www.rsa.ie

Ní mór go ndéanfaidh d'fheithicil na riachtanais i dtaca leis an íosmhais fhíor iomlán a chomhlíonadh i.e. is éard atá i gceist le mais fhíor iomlán feithicle ná meáchan feithicle, an t-ualach atá ar an bhfeithicil san áireamh, má bhíonn ualach ann.

Ní mór mais fhíor iomlán de 800kg a bheith ann nuair a chuirtear an leantóir i láthair, ag féachaint go cuí do shábháilteacht, seasmhacht, treoirlínte an mhonaróra agus uasteorainneacha dlíthiúla an chónaisc.


100 x 220 x 450 mm solid concrete building block

D'fhonn an riachtanas i dtaca leis an mais fhíor iomlán a chomhlíonadh, is cuma cén meáchan gan ualach atá ar an leantóir, ceanglaítear ort 30 bloc tógála coincréite soladaí ceithre horlaí (100 x 220 x 450 mm) a chur sa leantóir. Glactar leis go mbeidh meáchan 250 kg ar a laghad i leantóir leis féin, go mbeidh meáchan breise 570 kg sna 30 bloc (meáchan thart ar 19-20 kg i ngach ceann acu siúd) agus go mbeidh sin ar fad, in éineacht, níos troime ná an riachtanas i dtaca leis an íosmhais fhíor iomlán de 800 kg ar 820 kg.

Ba chóir na bloic a bheith dáilte go cothrom ar feadh an leantóra agus suite sa tslí is go gcoinneofaí an t-ualach soic taobh istigh de na teorainneacha atá molta.

Is éard atá i gceist leis an ualach soic ná an t-ualach uasta is féidir le do leantóir a chur ar nascaire tarraingthe d'fheithicle (arna leagan amach ag monaróirí na feithicle agus an nascaire). Tá an figiúr molta d'ualach sábháilte ar an soc nuair a bhíonn tarraingt á déanamh ná thart ar sheacht faoin gcéad de mheáchan ualaithe an leantóra. Ba chóir an leantóir a luchtú ar bhealach ar féidir a chinntiú nach ndéantar roth ná acastóir aonair a róluchtú agus ag féachaint go cuí do shábháilteacht, seasmhacht, treoirlínte an mhonaróra agus uasteorainneacha dlíthiúla an chónaisc.

Chun an dlí a chomhlíonadh, ní mór don chóras coscánaithe agus don chóras soilsiúcháin a bheith ag feidhmiú mar is ceart, agus ní mór don struchtúr ginearálta a bheith slán. Tá na riachtanais sábháilteachta leagtha amach sna nótaí ginearálta thuas.



## Tástálacha trucaile (catagóir C)

Tá sé tábhachtach go ndéanann tú na riachtanais seo a leanas a shásamh, chomh maith leis na cinn i d'fhógra áirithinte agus na cinn sa seicliosta ginearálta thuas.

- Beidh ort an deimhniú bailí reatha ródacmhainneachta (CRW) atá ag d'fheithicil a thabhairt leat chuig an tástáil le meáchan gan ualach na feithicle a chruthú.
- Más amhlaidh go bhfuil trucail nua agat atá go fóill le dul faoi thástáil ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála, tabhair leat deimhniú ar mheáchan gan ualach ó dhroichead meáite chuig an tástáil.

### Mais Fhíor Iomlán

Don tástáil d'fheithicil i gcatagóir C (trucail), ní mór do d'fheithicil na riachtanais i dtaca le híosmhais fhíor iomlán a chomhlíonadh i.e. is éard atá i gceist le mais fhíor iomlán ná meáchan feithicle, an t-ualach atá ar an bhfeithicle san áireamh, má bhíonn ualach ann.

Ní mór go mbeidh mais fhíor iomlán (meáchan iarbhír na feithicle lena n-áirítear aon ualach, más gá) de 10,000 kg ar a laghad ann nuair a chuirtear an fheithicil i láthair, ag féachaint go cuí do shábháilteacht, seasmhacht, treoirlínte an mhonaróra agus uasteorainneacha dlíthiúla.

Má bhíonn meáchan gan ualach na feithicle nó an chónaisc níos lú ná na riachtanais íosta atá tugtha thuas, beidh ort an fheithicil nó an leantóir a luchtú chun na riachtanais sin a chomhlíonadh.

### Luchtú chun na riachtanais i dtaca le Mais Fhíor Iomlán a chomhlíonadh

Is féidir coimeádáin darb ainm IBCanna (bulcchoimeádán idirmheánach) a chur ar an bhfeithicil leis an luchtú ar an bhfeithicil a bhaint amach. Tá toilleadh shonraithe ag IBCanna agus mar sin tá siad úsáideach chun meáchan tugtha a chruthú. Mar shampla, beidh meáchan 1,000 kg (1 thonna) in IBC


Example of an IBC

1,000 lítear nuair a líontar le huisce é. Tá IBCanna ar fáil i méideanna níos lú freisin. Moltar freisin an IBC a líonadh go dtí an barr le huisce ionas nach mbeidh gluaiseacht leachta ar bith ann, faoi mar a tharlódh mura mbeadh an coimeádán ach lán go páirt.

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort comhla chúil nó doras a oscailt sa chaoi go mbeidh an tástálaí in ann a fheiceáil go bhfuil an t-ualach ann, má bhíonn gá leis.



## Tástálacha do thrucail ag a bhfuil leantóir agus trucail altach (catagóir CE)

### Mais Fhíor Iomlán

Don tástáil d'fheithicil i gcatagóir CE (trucail altach), ní mór do d'fheithicil na riachtanais i dtaca le híosmhais fhíor iomlán a chomhlíonadh i.e. is éard atá i gceist le mais fhíor iomlán ná meáchan feithicle, an t-ualach atá ar an bhfeithicl san áireamh, má bhíonn ualach ann.

Ní mór mais fhíor iomlán a bheith (meáchan iarbhír an chónaisc lena n-áirítear aon ualach, más gá) 15,000 kg ar a laghad ann nuair a chuirtear an fheithicil altach nó an cónasc i láthair, ag féachaint go cuí do shábháilteacht, seasmhacht, treoirlínte an mhonaróra agus uasteorainneacha dlíthiúla an chónaisc.

Má tá cónasc de thrucail agus leantóir á chur i láthair agat, ní mór don fheithicil tarraingthe an riachtanas i dtaca le mais fhíor iomlán 10,000 kg a chomhlíonadh d'fheithicil tástála i gcatagóir C. Ní mór don fheithicil tarraingthe agus don leantóir dioscaí bailí CVRT a bheith ar taispeáint acu, más infheidhme.

Má bhíonn meáchan gan ualach na feithicle nó an chónaisc níos lú ná na riachtanais íosta atá tugtha thuas, beidh ort an fheithicil nó an leantóir a luchtú chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Le tuilleadh comhairle a fháil, féach an roinn dar teideal 'Luchtú chun na riachtanais i dtaca le Mais Fhíor Iomlán a chomhlíonadh'.

### Cáipéisíocht

Tabhair leat an deimhniúchán don chónasc feithiclí atá agat ó dhroichead meáite chuig do thástáil. Ní mór don deimhniúchán seo:

- A bheith dar dáta taobh istigh den 12 mhí roimh an tástáil
- An meáchan gan ualach den aonad tarracóra agus leantóir le chéile a leagan amach
- An dáta a ndearnadh an fheithicil a mheá a thaispeáint
- Cláruimhir an aonaid tarracóra agus marcáil leantóra an leantóra a chuimsiú.

# Cad a tharlóidh mura bhfuilimid in ann do thástáil a dhéanamh ar an lá?

## Cé go ndéanaimid gach iarracht chun a chinntiú go rachaidh do thástáil ar aghaidh ar an lá a bhfuil an tástáil curtha in áirithe agat, i gcásanna áirithe beidh gá an tástáil a chur ar ceal ar fhógra gearr.

Ar na samplaí de sin, tharlódh go mbeadh tástálaí tiománaithe tinn agus gan muid a bheith in ann tástálaí eile a shannadh duit nó go mbeadh coinníollacha aimsire ann a chiallódh go mbeadh sé róchontúirteach an tástáil a dhéanamh. I ngach cás, déanfaimid ár ndícheall tú a chur ar an eolas a luaithe is féidir.

Má tá uimhir fón póca tugtha agat dúinn, cuirfimid glaoch ort nó seolfaimid téacs chugat. Mura féidir sin a dhéanamh, seolfaimid ríomhphost chugat.

I gcásanna nuair a bhíonn coinníollacha ag cur isteach go forleathan ar níos mó ná ionad tástála amháin, e.g. nuair a bhíonn leac oighir nó sneachta forleathan ann, cuirfimid an t-eolas is déanaí go rialta ar www.rsa.ie faoi na hionaid a mbaineann na coinníollacha leo.




Tuigimid an oiread a dhéanann tú le hullmhú don tástáil, agus an cúram a ghlacann tú. Is é an rud deireanach atá uainn ná go gcaithfimid é a chur ar ceal. Má tharlaíonn amhlaidh, le do thoil bí foighneach linn. Déanfaimid ár ndícheall rudaí a chur ina gceart a luaithe is féidir. I ngach cás nuair is gá dúinn an tástáil a chur ar ceal, beidh tú ábalta tástáil eile a chur in áirithe saor in aisce.

**Tabhair faoi deara:** cuirfear stad le do thástáil mura ndéanann d'fheithicil aon cheann ar leith de na riachtanas a thugtar sa doiciméad seo a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé seo tarlú roimh an tástáil nó fiú lena linn. Ar an gcaoi chéanna, má tharlaíonn sé le linn na tástála nach bhfuil tú féin ábalta leanúint ar aghaidh ar chúis ar bith, cuirfear stad leis an tástáil dá bharr. Sna cásanna sin, beidh ort tástáil eile a chur in áirithe agus an táille chuí a íoc.

**Cuimhnigh:** mura bhfuil tú réidh chun do thástáil a dhéanamh toisc nach gcomhlíonann tú riachtanais na tástála, is féidir leat an tástáil a athsceidealú faoi dhó chomh fada agus a thugann tú fógra 10 lá ar a laghad agus ní chaillfidh tú do tháille. Ní mór duit na treoracha ar MyRoadSafety.ie a leanúint agus tú ag athsceidealú do thástála.

Má tá ceist eile agat ar aon cheann de na hábhair seo, tabhair cuairt le do thoil ar MyRoadSafety@rsa.ie nó www.rsa.ie roimh do thástáil.

## Go n-éirí leat le do thástáil tiomána!

# Nótaí:



# Nótaí:

Údaras Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 V6E4.

Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo, F26 V6E4.

Tel: (096) 25 000  Email: info@rsa.ie
Website: www.rsa.ie

See RSA.ie